www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2016**

# Irish

## Unit 3: Listening

## Foundation Tier

**[GIR31]**

**MONDAY 13 JUNE, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

Each piece heard twice unless otherwise stated on transcript

Audio “beep” to precede each question

Five second pauses unless otherwise stated on transcript

www.xtrapapers.com

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Secondary Education, 2016
Irish, Unit 3, Listening, Foundation Tier

You will now be allowed 5 minutes to read through the paper, before the first question starts.

*Pause 5 minutes*

The five minute reading period has now finished and the examination will now begin. Please open your paper at question 1.

In this section you will hear a number of pieces of Irish. You should listen to these very carefully. Read each question carefully. Complete your answer by listening to the recording and follow the instructions given in the question paper. You will hear each section twice.

1 You hear a conversation in a shop.

*M* – Dia duit. Cad é ba mhaith leat?

*F* – Dia is Muire duit. Ba mhaith liom peann luaidhe, le do thoil.

*M* – Seo duit.

*F* – Go raibh maith agat.

*Pause 5 seconds and repeat*

*F* – Cá mhéad atá air?

*M* – Tá fiche pingin air.

*F* – Maith go leor. Seo duit.

*M* – Go raibh maith agat.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

2 You hear a teacher talking to her pupils.

*Fem múinteoir* – A Áine, las an solas, le do thoil.

*Áine* – Maith go leor, a mhúinteoir.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Fem múinteoir* – A Lorcáin, druid an doras, le do thoil.

*Lorcán* – Ceart go leor, a mhúinteoir.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Fem múinteoir* – A Nuala, tabhair dom do leabhar.

*Nuala* – Maith go leor, a mhúinteoir.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

3 Ciarán talks about himself.

*Ciarán* – Ciarán an t-ainm atá orm. Tá mé sé bliana déag d'aois. Tá mé iontach ard agus tá mo chuid gruaige rua.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Ciarán* – Is maith liom bheith ag léamh.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

4 Two friends talk about their schools.

*Pól* – Is mise Pól. Is maith liom an scoil. Is maith liom na múinteoirí ach ní maith liom an bia ar scoil.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Treasa* – Is mise Treasa. Tá mé ag freastal ar Scoil Áine sa bhaile mhór. Is maith liom an scoil mar tá an t-atmaisféar iontach maith. Tá seomra ríomhairí nua againn.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

5 Lára and Eoin talk about homework.

*Lára* – An ndearna tú an obair bhaile don stair, a Eoin? Bhí sé iontach deacair.

*Eoin* – Ní dhearna mé obair bhaile ar bith aréir, a Lára.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Eoin* – Ní raibh a fhios agam go raibh obair bhaile le déanamh againn.

*Lára* – Bhí. Ceacht a ceathair, ar leathanach a naoi.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Eoin* – Rachaidh mé chuig an leabharlann ag an sos agus déanfaidh mé ansin í.

*Lára* – Rachaidh mé leat.

*Eoin* – Maith go leor.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

6 You hear some conversations in a cafe.

*Fem voice* – Cad é ba mhaith leat, a Úna?

*Úna* – Ba mhaith liom ceapaire, le do thoil.

*Fem voice* – Ar mhaith leat rud ar bith eile?

*Úna* – Úll, le do thoil.

*Fem voice* – Seo duit.

*Úna* – Go raibh maith agat.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Fem voice* – Cad é ba mhaith leat, a Antain?

*Antain* – Ba mhaith liom borgaire.

*Fem voice* – Maith go leor. Ar mhaith leat sceallóga nó sailéad leis an bhorgaire?

*Antain* – Sailéad, le do thoil.

*Fem voice* – Seo duit.

*Antain* – Go raibh maith agat.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

7 You hear health advice on the radio.

*Masc voice* – Tá sé iontach tábhachtach saol sláintiúil a bheith agat.
Ith bia sláintiúil agus ól dhá líotar uisce gach lá fosta.
Déan spórt gach seachtain.
Téigh a luí go luath.

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

8 You hear two friends talking.

| | | |
|---|---|---|
| *Masc voice* | – | Ní fhaca mé thú ag an cheolchoirm aréir, a Shíle. |
| *Síle* | – | Ní raibh mé ann. Cheannaigh mé ticéad ach ní dheachaigh mé ann mar bhí tuirse an domhain orm. |
| *Masc voice* | – | Is mór an trua sin mar bhí an cheolchoirm iontach maith. |
| *Síle* | – | Chuala mé sin ach bhí mé ag obair inné agus bhí mé iontach tuirseach. |

*Pause 5 seconds and repeat*

| | | |
|---|---|---|
| *Masc voice* | – | Ní raibh a fhios agam go raibh post agat. Cá bhfuil tú ag obair? |
| *Síle* | – | Tá post agam san ollmhargadh agus bhí mé ag obair inné go dtí a seacht. |

*Pause 5 seconds and repeat*

| | | |
|---|---|---|
| *Masc voice* | – | An maith leat an obair? |
| *Síle* | – | Is maith liom an obair. Is maith liom bheith ag caint leis na custaiméirí ach ní maith liom na huaireanta fada. |

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

9 You hear a doctor talking to her patients.

| | | |
|---|---|---|
| *Fem voice* | – | Cad é atá ort, a Ruairí? |
| *Ruairí* | – | Ghortaigh mé mo chos. |
| *Fem voice* | – | Cad é a tharla? |
| *Ruairí* | – | Bhí mé ag imirt peile agus thit mé. |

*Pause 5 seconds and repeat*

| | | |
|---|---|---|
| *Fem voice* | – | Cad é mar atá tú, a Chonaill? |
| *Conall* | – | Níl mé ró-mhaith, a dhochtúir. Tá tinneas goile orm agus níl mé ag ithe. |

*Pause 5 seconds and repeat*

| | | |
|---|---|---|
| *Fem voice* | – | Dia duit, a Phádraig. |
| *Pádraig* | – | Dia is Muire duit, a dhochtúir. |
| *Fem voice* | – | Cad é mar atá tú? |
| *Pádraig* | – | Níl mé go maith. Tá slaghdán orm. |

*Pause 5 seconds and repeat*

*Pause 10 seconds*

www.xtrapapers.com

10 Lorcán talks about his new job.

*Líosa* – A Lorcáin. Chuala mé go bhfuil post nua agat.

*Lorcán* – Tá an ceart agat, a Líosa. D'éirigh mé as an phost eile mar ní raibh an pá go maith. Is fear poist mé anois.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Líosa* – Cén t-am a dtosaíonn tú ag obair gach maidin?

*Lorcán* – Tosaím go luath. Bím ag dul ó dhoras go doras ar a sé a chlog ar maidin. Bím ag obair gach lá ón Luan go dtí an Aoine.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Líosa* – Níor mhaith liom éirí chomh luath sin.

*Lorcán* – Is cuma liomsa. Is maith liom bheith ag obair go luath mar ní bhíonn trácht ar na bóithre agus bíonn Doire ciúin ag an am sin den mhaidin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Líosa* – An bhfuil míbhuntáiste ar bith leis an phost?

*Lorcán* – Beidh an obair iontach trom ag an Nollaig. Beidh a lán cártaí agus a lán bronntanas le tabhairt amach ag an Nollaig. Beidh mé iontach gnóthach.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

11 Úna talks about her holidays.

*Masc voice* – A Úna, ar thaitin laethanta saoire na Cásca leat?

*Úna* – Thaitin. Chaith mé seachtain na Cásca i nDún na nGall.

*Masc voice* – An raibh tú le do chairde?

*Úna* – Ní raibh. Bhí mé i nDún na nGall le mo theaghlach.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Masc voice* – Cá raibh sibh ag stopadh?

*Úna* – Tá teach againn i nDún na nGall. Is tógálaí m'athair agus thóg sé teach i Rann na Feirste cúpla bliain ó shin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Masc voice* – An raibh a lán turasóirí sa cheantar?

*Úna* – Bhí. Bhí a lán cuairteoirí sa cheantar ón Eoraip agus ó na Stáit Aontaithe. Bhí na siopadóirí uilig iontach sásta.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Masc voice* – Cad é a rinne sibh i nDún na nGall?

*Úna* – Chuaigh muid chuig an trá gach lá agus chuaigh muid ag snámh san fharraige ach bhí an t-uisce iontach fuar.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

12 You hear a telephone conversation.

F – Dia duit. Óstán Na Trá anseo.

M – Dia is Muire duit. Tá mé ag dul chuig bainis san óstán ar an naoú lá déag de Mhí Aibreáin agus ba mhaith liom seomra a chur in áirithe don oíche sin.

F – Maith go leor.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Cén sórt seomra atá de dhíth ort?

M – Seomra dúbailte, le do thoil.

F – Sílim nach bhfuil seomra dúbailte ar fáil. Caithfidh mé labhairt leis an bhainisteoir. Bomaite amháin le do thoil.

*Pause 7 seconds and repeat*

F – Anois, deir an bainisteoir nach bhfuil seomra dúbailte ar fáil ach tabharfaidh sé seomra teaghlaigh duit ar an phraghas chéanna.

*Pause 7 seconds and repeat*

M – Ar dóigh! Rud amháin eile. An bhfuil linn snámha san óstán?

F – Ar an drochuair, níl linn snámha againn anseo.

M – Is mór an trua é sin.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

www.xtrapapers.com

13 Garaí and Éadaoin discuss the Gaeltacht.

*Garaí* – A Éadaoin, an raibh tú riamh sa Ghaeltacht?

*Éadaoin* – Ní raibh mé, a Gharaí.

*Garaí* – Chuaigh mise chun na Gaeltachta anuraidh agus thaitin an cúrsa go mór liom.

*Éadaoin* – Cá fhad a mhair an cúrsa?

*Garaí* – Mhair an cúrsa coicís – seachtain amháin i Mí an Mheithimh agus seachtain eile i Mí Iúil.

*Éadaoin* – Cad é mar a bhí an lóistín?

*Garaí* – Bhí na tithe compordach. Bhí cúigear nó seisear ag stopadh i ngach teach agus bhí an chraic ar fheabhas.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Éadaoin* – Cad é mar a bhí na ranganna?

*Garaí* – D'fhoghlaim mé cuid mhaith Gaeilge sna ranganna ar maidin agus d'fhoghlaim mé amhráin agus damhsaí fosta.

*Éadaoin* – An raibh spórt ar bith ann?

*Garaí* – Bhí. D'imir mé cluichí gach tráthnóna. Bhí a lán rudaí le déanamh san oíche – ceolchoirm nó céilí nó dioscó.

*Éadaoin* – An raibh a lán rialacha ag an choláiste?

*Garaí* – Ní raibh barraíocht rialacha ann.

*Éadaoin* – Cad é mar a bhí na daoine?

*Garaí* – Bhí gach duine cairdiúil agus ní raibh sé deacair aithne a chur ar dhaoine eile. Tá a lán cairde nua agam anois.

*Pause 7 seconds and repeat*

*Pause 12 seconds*

This is the end of the recording.